Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2020
(OR. en)

14185/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0155 (NLE)**

AVIATION 229
CHINE 12
RELEX 1047

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe i ndáil le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne |

**CINNEADH (AE) 2019/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe i ndáil le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2), i gcomhar le pointe (a)(v) den dara fomhír d'Airteagal 218(6) agus Airteagal 218(7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

[1] Toiliú an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thar ceann an Aontais, rinne an Coimisiún Comhaontú i ndáil le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta a chaibidil idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne (an "Comhaontú") i gcomhréir le Cinneadh ón gComhairle an 7 Márta 2016 lena n-údaraítear don Choimisiún tús a chur lei an gcaibidlíocht.

(2) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2018/1153 ón gComhairle[1], síníodh an Comhaontú an 20 Bealtaine 2019, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta i déanaí.

(3) Is gá socruithe nós imeachta a leagan síos maidir le rannpháirtíocht an Aontais sna comhchomhlachtaí arna mbunú leis an gComhaontú agus maidir le glacadh beart coimirce, iarrataí ar chomhairliúcháin agus beart chun oibleagáidí glactha a chur ar fionraí.

(4) I gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 11(2) agus le hAirteagal 17(6) den Chomhaontú, tá an Comhchoiste arna bhunú le Airteagal 11(1) den Chomhaontú ('an Comhchoiste') in ann leasuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a ghlacadh.

[1] Cinneadh (AE) 2018/1153 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2018, maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i ndáil le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 210, 21.8.2018, lch. 2).

(5) D'fhonn formheas na leasuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a éascú, ar leasuithe iad atá le glacadh ag an gComhchoiste, agus d'fhonn an baol nach mbeadh seasamh ag an Aontas maidir le leasuithe beartaithe a sheachaint, ba cheart a údarú don Choimisiún na leasuithe beartaithe sin a fhormheas thar ceann an Aontais faoi réir coinníollacha sonracha substainteacha agus nós imeachta.

(6) Chun a áirithiú go ndéanfaidh an Coimisiún leasuithe a bheartaítear a dhéanamh ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú atá le glacadh ag an gComhchoiste a fhormheas i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Chinneadh seo, ba cheart don Choimisiún na leasuithe beartaithe a chur faoi bhráid na Comhairle le haghaidh comhairliúcháin in am tráth sula mbeidh an cruinniú den Chomhchoiste ann ag a nglacfaí na leasuithe sin. Ba cheart do Choiste Bhuanionadaithe Rialtais na mBallstát (Coreper) measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht na leasuithe arna gcur faoi bhráid na Comhairle ag an gCoimisiún.

(7) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú i ndáil le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne (an 'Comhaontú') a fhormheas thar ceann an Aontais.

Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo[+][*].

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 17(1) den Chomhaontú[1].

*Airteagal 3*

1. Is é an Coimisiún Eorpach, a mbeidh cabhair aige ó Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA), a dhéanfaidh ionadaíocht thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste arna bhunú le hAirteagal 11(1) den Chomhaontú agus beidh na húdaráis eitlíochta, mar ionadaithe de chuid na mBallstát, ina theannta.

---

+ IO: Cuir doiciméad 9702/18 i gceangal leis seo, le do thoil.

* IO: Cuir an abairt Ghaeilge seo a leanas isteach, le do thoil, ar an leathanach den Iris Oifigiúil a chomhfhreagraíonn don leathanach ar a bhfoilseofar an comhaontú sna leaganacha teanga eile: "Ní ann do théacs an Chomhaontaithe seo sa Ghaeilge".

1 Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Is í EASA, le cabhair ó na húdaráis eitlíochta sin a bhfuil baint dhíreach acu le clár oibre gach cruinnithe, a dhéanfaidh ionadaíocht thar ceann an Aontais ar an mBord Formhaoirseachta um Dheimhniúchán arna bhunú le hAirteagal 3.1.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú.

*Airteagal 4*

Beidh údarás ag an gCoimisiún, thar ceann an Aontais, leasuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú arna nglacadh ag an gComhchoiste i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 11(2) agus d'Airteagal 17(6) den Chomhaontú a fhormheas, a mhéid atá leasuithe den sórt sin i gcomhréir le gníomhartha ábhartha dhlí an Aontais, agus nach mbeidh aon mhodhnú ar na gníomhartha sin i gceist leo, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) Áiritheoidh an Coimisiún, , an méid seo a leanas maidir leis an bhformheas thar ceann an Aontais:

- gur chun leasanna an Aontais é;
- go gcomhlíonann sé na cuspóirí atá á saothrú ag an Aontas faoina bheartas um shábháilteacht eitlíochta agus a bheartas trádála;
- go gcuireann sé leasanna mhonaróirí, thrádálaithe agus thomhaltóirí an Aontais san áireamh;
- nach nbhfuil sé contrártha do dhlí an Aontais ná an dlí idirnáisiúnta;

- i gcás inarb infheidhme, go dtacaíonn sé le feabhas a chur ar cháilíocht na dtáirgí aerloingseoireachta trí fheabhas a chur ar bhrath cleachtais chalaoiseacha agus mhíthreoracha;
- i gcás inarb infheidhme, go bhfuil sé mar aidhm aige na caighdeáin a bhaineann le táirgí aerloingseoireachta a chomhfhogasú;
- i gcás inarb infheidhme, nach gcruthaíonn sé bacainní ar an nuálaíocht; agus
- i gcás inarb infheidhme, go n-éascaíonn sé an trádáil i dtáirgí aerloingseoireachta.

(b) Cuireann an Coimisiún na leasuithe atá beartaithe faoi bhráid na Comhairle in am tráth sula bhformheasfar iad.

Déanfaidh Coreper measúnú le féachaint an gcomhlíonann na leasuithe atá beartaithe na coinníollacha a leagtar síos i bpointe (a).

Déanfaidh an Coimisiún na leasuithe atá beartaithe a fhormheas thar ceann an Aontais ach amháin i gcás ina ndéanann roinnt Ballstát, arb ionann a líon agus mionlach blocála den Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agóid ina n-aghaidh. I gcás ina bhfuil mionlach blocála den sórt sin ann, déanfaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, na leasuithe atá beartaithe a dhiúltú.

*Airteagal 5*

1. Féadfaidh an Coimisiún an ghníomhaíocht seo a leanas a dhéanamh:

   (a) bearta coimirce a ghlacadh i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 5(1) den Chomhaontú,

   (b) comhairliúcháin a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 15(3) den Chomhaontú,

   (c) bearta a ghlacadh chun oibleagáidí cómhalartacha maidir le glacadh a chur ar fionraí agus chun fionraí den sórt sin a chealú i gcomhréir le hAirteagal 16 den Chomhaontú.

2. Cuirfidh an Coimisiún in iúl don Chomhairle, luath go leor roimh ré, go bhfuil sé ar intinn aige gníomhaíocht a dhéanamh faoin Airteagal seo.

*Airteagal 6*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*